


# Fighting Words
## Plean Straitéiseach 2025 – 2029

FIGHTING WORDS
The write to right.

***Ráiteas Misin:***

Tá sé mar aidhm againn cabhrú le leanaí, daoine óga agus iad siúd nárbh fhéidir leo scríbhneoireacht a dhéanamh mar leanaí, cumhacht a samhlaíochta agus a scileanna scríbhneoireachta cruthaithí a fhionnadh agus a úsáid. Ag a chroílár, baineann Fighting Words le rud éigin i bhfad níos leithne agus níos cuimsithí freisin: baineann sé le cleachtas cruthaitheach na scríbhneoireachta agus na scéalaíochta a úsáid chun leanaí agus daoine óga ó gach cúlra a neartú le bheith ina múnlóirí athléim-neacha agus cruthaitheacha ar a saol féin.

***Ráiteas Éiteas:***

Is féidir cruthaitheacht a bheith scaoilte nuair a sholáthraímid an spás agus an raon feidhme don scéalaíocht, don tsamhlaíocht agus don aireagán. Bíonn ár gcuid oibre dírithe ar an leanbh i gcónaí agus faoi stiúir na rannpháirtithe, le béim ar fhéinmheas, ar chumhachtú, ar mhuinín agus ar dhear-bhú. Ag Fighting Words, is breá linn scéalta agus scríbhneoireacht chruthaitheach, agus tá sé mar aidhm againn spás a sholáthar do dhaoine óga a nglór a iniúchadh. Tá ár gceardlanna ar fáil do chách, saor in aisce ag an bpointe rochtana, le cur chuige cuimsitheach agus rannpháirteach atá dírithe ar chothromas agus éagsúlacht. Is iarracht phobail í le meantóirí deonacha, comhpháirtithe agus baill foirne ag obair i gcomhar le chéile.

***An Scéal go dtí seo:***

Bunaíodh Fighting Words sa bhliain 2009 agus tugtar creidiúint dóibh as ról dearfach a imirt i ndoim-hniú beartas agus cleachtais a bhaineann le scríbhneoireacht chruthaitheach inár scoileanna agus modheolaíochtaí cruthaitheacha a úsáid chun guth daoine óga a neartú. Léiríonn an t-athbhreithniú ar fheidhmíocht na heagraíochta le linn thréimhse ár bplean straitéisigh 2020 – 2024 gur éirigh go han-mhaith leis an eagraíocht i gcoinne a spriocanna. Lean an fás ar aghaidh le linn na tréimhse agus tá dea-cháil agus próifíl na heagraíochta láidir. Ba mhaith le daoine a bheith páirteach san obair ar gach leibhéal, agus bhí cur chun cinn na cruthaitheachta sa chóras oideachais éifeachtach.

**Fás:**
Bhí leathnú scála agus fás an-dearfach ar an gclár le linn an timthrialla straitéisigh seo. Bhí méadú ar líon na n-ionad réigiúnach, ar raon agus ar scóip tionscadal il-seánra, ar fhormáidí ceardlann, agus ar mhéadú láidir ar thairiscintí ar líne le linn thréimhse Covid-19. Bhí fócas ar chomhpháirtíochtaí a thógáil agus a neartú.

**Oideachas:**
Is léiriú iad ár bhfócas ar mhíbhuntáiste oideachais, forbairt chomhpháirtíochta le Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ár gcaidreamh dearfach leis an Roinn Oideachais agus Roinn na Gaeltachta,

príomhshruthú na cruthaitheachta sa churaclam náisiúnta agus ár rannpháirtíocht dhomhain le scoileanna agus soláthraithe oideachais eile ar fud na tíre, ar ár dtionchar láidir sa réimse seo.

**Daoine:**
Tá foireann den scoth agus tiomanta againn, le fás dearfach agus coinneáil ard. Tá rannpháirtíocht oibrithe deonacha fós ríthábhachtach le leibhéil láidre earcaíochta agus coinneála.

**Soláthar:**
Tá ár rialachas láidir agus bord éifeachtach i bhfeidhm. Tá fócas láidir ar rialú cáilíochta agus ar chomhsheasmhacht ár gcur chuige - maidir le hoiliúint, doiciméadú, clú agus rannpháirtíocht. Tá líonra láidir agus tiomanta ambasadóirí againn.

**Comhpháirtíochtaí:**
Tá fás suntasach ar chomhpháirtíochtaí, go háirithe le hionaid réigiúnacha agus leabharlanna. Go seasta, tá spéis mhór i Fighting Words ó scoileanna agus ó eagraíochtaí oideachais agus óige eile. Leanfaimid orainn ag tabhairt freagra agus ag cothú na gcomhpháirtíochtaí nua seo chun ár gcuid oibre a chur chun cinn.

**Foilsitheoireacht:**
Tá méadú suntasach tagtha ar líon agus ar raon na bhfoilseachán, le leathnú suntasach ar fhoilseacháin ar líne. Tá taighde trí chomhpháirtíocht DCU foilsithe i gcomhréir le spriocanna.

***An Scéal Reatha:***

**Láidreachtaí**
Tá cúlra láidir ag Fighting Words mar eagraíocht scríbhneoireachta cruthaithí atá dírithe ar leanaí agus atá dearfach, solúbtha, spraíúil agus inrochtana. Aithnímid agus ceiliúraimid samhlaíocht, cruthaitheacht, saoirse cainte agus guth na hóige. Tá meas mór ar ár modheolaíochtaí mar atá ar ár bhfócas ar chomhpháirtíocht, rannpháirtíocht dheonach agus ar ár bhfoireann láidir. Leanfaimid orainn ag díriú ár gcláir ar mhíbhuntáiste oideachais.

**Deiseanna**
Mar gheall ar a fheabhas, meallann Fighting Words comhpháirtithe, maoinitheoirí, oideachasóirí, scoileanna, ealaíontóirí agus scríbhneoirí nua ar fud na tíre. Bhí traidisiún láidir agus saibhir scéalaíochta i sochaí na hÉireann i gcónaí, idir bhéal agus scríofa, agus tá sé mar aidhm againn leanúint ar aghaidh ag cothú cainte, scríbhneoireachta agus scéalaíochta ag Fighting Words. Cuireann an teicneolaíocht deiseanna ar fáil, agus tá sí ag éirí níos úsáidí le haghaidh aistriúcháin, cumarsáide, foilsitheoireachta agus rochtana. Meastar go bhfuil scríbhneoireacht chruthaitheach ag fás mar uirlis thábhachtach i gcomhthéacs ár sochaí atá ag athrú i gcónaí.

**Dúshláin**

Is saincheist leanúnach í freagairt do na hiarratais mhéadaitheacha ar ghníomhaíochtaí scríbhneoireachta cruthaithí i suíomhanna agus i gcomhthéacsanna éagsúla agus bainistiú á dhéanamh ar rialú

cáilíochta, comhsheasmhacht agus acmhainn theoranta. Ar an gcaoi chéanna, is breithniú tábhachtach eile é cothromaíocht a bhaint amach idir fás agus comhdhlúthú chun inbhuanaitheacht agus tionchar a chinntiú. Le aithrithe ar réalaíocht saoil agus riachtanaisí na leanaí agus daoine óga bíonn oiriúnú agus doimhniú leanúnach ar ár modheolaíochtaí leis an aoisghrúpa seo.

**Bagairtí**
Is ábhar imní fadtéarmach é maoiniú agus giniúint ioncaim inbhuanaithe ar fud na hearnála neamh-hbhrabúis. Freagraíonn Fighting Words do na castachtaí a éilíonn dinimic shochaíoch atá ag athrú i gcónaí, lena n-áirítear tionchar na meán sóisialta, na bacainní ar chomhionannas agus ar chuimsiú agus na constaicí ar rochtain ar oideachas agus ar chruthaitheacht.

**Tosaíochtaí / Táscairí**

***Tosaíocht 1: Cruthaitheacht***

*Is catalaíoch é Fighting Words don scríbhneoireacht chruthaitheach, go háirithe do dhaoine óga. Leanfaidh Fighting Words de bheith ag tacú le hoideachas cruthaitheach agus deiseanna a sholáthar ar scála mór agus saor in aisce do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn.*

*Cumasaíonn scríbhneoireacht chruthaitheach saoirse léirithe, tógann sí athléimneacht agus folláine, cosnaíonn sí an fhírinne agus an chéannacht agus soláthraíonn sí guth do chách. Cuirimid cumhacht na scéalaíochta, na scríbhneoireachta agus na cruthaitheachta chun cinn, rud a ligeann do leanaí a bheith níos sona, níos samhlaíoch, níos muiníní agus níos cumasaí mar chumarsáideoirí.*

1.1 Leis an gclú agus na rath atá againn go dtí seo, táimid tiomanta chun ár gcuid oibre a leathnú le comhpháirtithe réigiúnacha agus raon na gceardlann, na gclubanna, na dtograí agus na gcampaí samhraidh a mhéadú i ngach seánra scríbhneoireachta cruthaithí.

1.2 Cinnteoidh Fighting Words go mbeidh méidiú ar ár gcuid oibre le scoileanna DEIS, grúpaí óige agus pobail atá ag obair le daoine óga faoi mhíbhuntáiste, agus ag gabháil le grúpaí daoine fásta imeallaithe.

1.3 Déanfaimid an fás seo a bhainistiú go cúramach agus cinnteoimid go n-oiriúnóidh ár n-eagraíocht go hinbhuanaithe.

***Sa Timthriall Straitéiseach 2025-2029, déanfaimid:***

- Deiseanna scríbhneoireachta cruthaithí saor in aisce a sholáthar do scoileanna agus do ghrúpaí ar fud na tíre, ag freagairt d'éilimh agus d'iarratais ar chomhpháirtíocht.
- Brú a chur ar thábhacht an oideachais chruthaithigh agus na scríbhneoireachta cruthaithí do dhaoine óga.
- Tosaíocht a thabhairt dár gcuid oibre le grúpaí agus pobail atá ag fulaingt ó mhíbhuntáiste agus idirdhealú.
- Béim ar leith a chur ar rannpháirtíocht le daltaí iar-bhunscoile agus déagóirí eile, ag cur leis na treoracha maidir le hathchóiriú na hArdteistiméireachta.

- Cláir a reáchtáil i mBéarla, i nGaeilge agus bealaí a iniúchadh chun teangacha eile a ionchorprú inár gceardlanna agus inár gcampaí samhraidh.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhdhéanamh ár lucht féachana chun a chinntiú go gcoinnímid uilechoitiantacht agus ag an am céanna grúpaí faoi mhíbhuntáiste a aithint agus a aimsiú i slite éifeachtacha.
- Nuálaíocht a dhéanamh le bealaí agus teicneolaíochtaí nua chun fanacht ríthábhachtach do ghlúnta nua scríbhneoirí agus cruthaitheoirí, agus ár samhail lárnach de cheardlanna scríbhneoireachta á cothabháil.
- Comhoibriú le maoinitheoirí agus le comhpháirtithe chun aghaidh a thabhairt ar an gcaoi a bhfásaimid ár dtairiscintí scríbhneoireachta cruthaithí i dtionchar agus i scála, go straitéiseach agus go hinbhuanaithe araon.

***Táscairí Rathúlachta:***

- Leanann Fighting Words de bheith ina eagraíocht ábhartha agus iontaofa i réimsí an oideachais agus na cruthaitheachta in Éirinn.
- Tá foilseacháin, léirithe agus taifeadtaí (fuaime agus físe) i mBéarla, i nGaeilge agus i dteangacha eile fós lárnach dár gcuid oibre.
- Úsaidtear méadrachtaí tástáilte atá glactha agus comhaontaithe chun an tionchar a thomhas agus cinnteoidh sonraí and foinsí láidre an cur chuige.
- Tá cur chuige athbhreithnithe iar-bhunscoile in úsáid a chuireann san áireamh an méadú atá riachtanach ar dhoimhneacht na rannpháirtíochta leis an aoisghrúpa seo.
- Déantar athbhreithniú, oiriúnú agus feabhsú rialta ar fhormáidí na gceardlann trasna na seánraí go léir chun ábharthacht, cáilíocht agus tionchar a choinneáil.
- Coinnigh agus méadaigh leithdháileadh acmhainní chuig scoileanna DEIS agus réimsí míbhuntáiste oideachais.

***Tosaíocht 2: Eachtranaigh Saorspioradálta***

*Is eagraíocht í Fighting Words a chuireann ceisteanna agus a nuálaíonn. Feicimid rudaí ar bhealach difriúil agus coinnímid achar criticiúil a ligeann dúinn dul i ngleic le noirm agus córais a d'fhéadfadh bac a chur ar an samhlaíocht agus roghanna do leanaí agus do dhaoine óga a theorannú. Spreagaimid leanaí agus daoine óga chun iad féin a chur in iúl go saor agus go bríomhar.*

*Cuireann cruthaitheacht na scéalaíochta spás ar fáil d'easurraim, d'fhéinléiriú agus do fiosracht. Is féidir le scríbhneoireacht chruthaitheach cabhrú le daoine óga scileanna agus tuiscint a fhorbairt a chuirfidh ar a gcumas oiriúnú agus smaoineamh go criticiúil agus iad ag sainmhíniú an todhchaí.*

2.1 Leanfaidh Fighting Words de bheith ag seachadadh clár láidir scríbhneoireachta cruthaithí le scoileanna agus de bheith ag brú ar son aistriú breise agus bunúsach i dtreo modheolaíochtaí foghlama cruthaitheacha ag gach leibhéal.

2.2 Leanfaidh Fighting Words de bheith ag cur dúshlán roimh an tsochaí agus do chórais, chun a chinntiú gur féidir le leanaí agus le daoine óga a gcuid scéalta a roinnt agus gníomhaireacht a bheith acu  sna cinntí a théann i bhfeidhm ar a saol.

2.3 Trí scríbhneoireacht chruthaitheach, déanfaimid iniúchadh ar an gcaoi ar féidir gníomhaireacht,

guth agus cearta leanaí a mhéadú ar bhealach níos leithne.

***Sa Timthriall Straitéiseach 2025-2029, déanfaimid:***

- Fanacht mar chlaochlóir lárnach san oideachas, ag leanúint leis an mbrú agus an tiomantas don chruthaitheacht agus don scríbhneoireacht chruthaitheach i scoileanna agus san oideachas go forleathan trí chomhoibriú le soláthraithe oideachais agus eagraíochtaí maidir le forbairt curaclaim, oideachas múinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach.
- Dul i mbun oibre le seirbhísí stáit eile atá riachtanach do shaol leanaí chun tograí scríbhneoireachta cruthaithí a sheachadadh, le béim ar an gcruthaitheacht i ngach gné den saol.
- Táimid ag dul i ngleic leis na bealaí seanbhunaithe a fhoghlaimíonn, a scríobhann, a chruthaíonn agus a fhoilsíonn daoine, agus ag ceistiú an status quo, chun an t-idirphlé poiblí a athrú agus cultúr cruthaitheachta a chur chun cinn in Éirinn.
- Trí ár dtaighde, ár monatóireacht agus ár bhfoghlaim eagraíochtúil, ár modheolaíochtaí agus ár gcur chuige ag forbairt i gcónaí, chun bealaí a aithint agus a chumasú do leanaí agus do dhaoine óga, chun a gcearta féin a bhaint amach trí scéalaíocht.

***Táscairí Rathúlachta:***

- Spreagtar agus neartaítear an scríbhneoireacht chruthaitheach, agus is cur chuige caighdeánach í atá glactha  sa seomra ranga in Éirinn.
- Cuireann Fighting Words deiseanna scríbhneoireachta cruthaithí ar fáil do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta atá ag iarraidh athraithe a bhaint amach, rud a chuireann ar a gcumas scríobh go cruthaitheach, agus a fhios acu gur féidir lena nguth agus lena scéal cur leis an sochaí agus réitigh a sholáthar.
- Eagraítear tograí agus foilsítear scéalta a chuireann an aird ar shaincheisteanna deacra, ag spreagadh daoine chun éisteacht, ag tógáil tuisceana agus ag tabhairt aird ar réitigh, saor ó bhreithiúnas agus ag spreagadh comhbhá.
- Tuairiscíonn leanaí agus daoine óga a d’oibrigh le Fighting Words go bhfuil méadú tagtha ar a muinín, ar a n-athléimneacht agus ar a ngníomhaireacht a bhaineann lena dtaithí scríbhneoireachta cruthaithí. Feiceann siad gur feidir leo athraithe a chur i gcrích.

***Tosaíocht 3: Comhpháirtíochtaí:***

*Feicimid comhpháirtíochtaí mar chaidrimh dhá bhealach sa mhéid is go ndéanaimid iarracht foghlaim agus cur leis ón dá thaobh, ag baint úsáide as ár gcur chuige cruthaitheach. Táimid i gcónaí freagrúil don chomhoibriú, agus glacaimid cur chuige leathan i leith comhpháirtíochtaí, ag baint le gach páirtí leasmhar leis an gcur chuige comhoibríoch, gairmiúil agus tioncharach céanna, lena n-áirítear ionaid réigiúnacha, leabharlanna, scoileanna, eagraíochtaí oideachais, grúpaí óige agus pobail, gníomhaireachtaí rialtais agus maoinitheoirí.*

*Tá clú ar Fighting Words mar eagraíocht chomhpháirtíochta comhoibríoch. Trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha, iolraímid ár n-acmhainní agus eiríonn linn ár cur chuige scríbhneoireachta cruthaithí a chur I bhfeidhm in eagraíochtaí eile.*

3.1 Leanfaidh Fighting Words de bheith ag tabhairt tosaíochta do chomhpháirtíochtaí comhoibríocha mar bhealach bunúsach oibre. Déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go mbeimid inrochtana, comhoi-

bríoch agus dearfach inár obair le heagraíochtaí eile.

3.2 Leanfaidh ár líonra comhpháirtithe Fighting Words ag fás de réir mar a shroicheann muid réigiúin, lucht féachana, teangacha éagsúla, etc. Leanfaimid orainn ag doimhniú na gcomhpháirtíochtaí foirmiúla lárnacha atá bunúsach dár misean, lena n-áirítear Amharclann na Mainistreach, The Irish Times, leabharlanna, DCU, an Roinn Oideachais, agus Roinn na Gaeltachta, chomh maith le comhpháirtithe breise atá chomh tábhachtach céanna a lorg. Go sonrach, méadóimid ár gcuid oibre le leabharlanna ar fud na hÉireann.

3.3 Leanfaidh Fighting Words de bheith ag obair le grúpaí agus eagraíochtaí atá ag obair le grúpaí imeallaithe lena n-áirítear leanaí agus daoine óga ó chúlraí éagsúla, atá i gcúram, daoine a fhágann an scoil go luath, leanaí ó mhionlaigh eitneacha lena n-áirítear an Lucht Siúil, daoine óga LGBTQIA+, leanaí faoi mhíchumas, leanaí le riachtanais bhreise lena n-áirítear daoine óga uathacha, leanaí le fadhbanna sláinte meabhrach, leanaí sa chóras ceartais d'ógánaigh agus le daoine fásta leochaileacha.

3.4 Comhoibrímid agus tacóimid le Fighting Words Northern Ireland. Táimid ag tnúth le nuálaíocht agus le bealaí nua a iniúchadh chun ár gcuid oibre le chéile a neartú. I gcás ina gcomhaontófar é, ceapfaimid tionscnaimh chomhroinnte, reáchtálfaimid tionscadail thrasteorann chomhpháirteacha, agus leanfaimid orainn ag tógáil na naisc oibre láidre ar gach leibhéal.

3.5 Freagróimid, nuair is féidir, d'iarratais chomhpháirtíochta idirnáisiúnta ar thacaíocht chun clár scríbhneoireachta cruthaithí a bhunú agus a reáchtáil

***Sa Timthriall Straitéiseach 2025-2029, déanfaimid:***

- Comhsheasmhacht agus na caighdeáin atá ag Fighting Words a choinneáil.
- Ár gcaidrimh chomhpháirtíochta a choinneáil agus a bhainistiú chun a chinntiú go bhfuil an obair chomhroinnte éifeachtach agus tioncharach.
- Dul i gcomhairle lenár bpríomhpháirtithe leasmhara agus comhpháirtithe eile chun dul i mbun oibre chun pleananna, oiriúnuithe agus bealaí oibre a roinnt agus a shainiú.
- Comhoibritheoirí nua a aithint, caidrimh láidre nua a thógáil leo agus fanacht oscailte do chuirí chun oibriú i gcomhpháirtaíochtaí.
- Gníomhaíochtaí scríbhneoireachta cruthaitheacha a sheachadadh i níos mó spásanna trí thógáil ar na naisc atá againn cheana féin le leabharlanna agus gaoil nua a oscailt le daoine eile.
- Comhoibriú agus cláir chomhpháirteacha a reáchtáil le Fighting Words Northern Ireland.

***Táscairí Rathúlachta:***
- Comhpháirtíocht láidir leanúnach le geallsealbhóirí ag cinntiú go leanann ár gcláir scríbhneoireachta cruthaithí ag fás.
- Aithnítear Fighting Words mar chomhoibrí iontaofa, freagrúil agus éifeachtach.
- Tá comhpháirtíochtaí suaitheanta le comhpháirtithe lárnacha, lena n-áirítear Fighting Words Northern Ireland, ag fás.
- Tá bearta dearbhaithe caighdeáin i bhfeidhm chun tacú lenár gcomhpháirtithe chun an t-éispéireas ardchaighdeánach a ofrálann Fighting Words a sheachadadh.

- Comhpháirtíochtaí le leabharlanna a leathnú chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag Fighting Words ar spásanna ceardlainne ar fud na tíre.

***Tosaíocht 4: Láidreachtaí na hEagraíochta:***

*Is eagraíocht neamhrialtasach dea-bhunaithe atá ag fheidhmiú ar árd-leibhéil í Fighting Words, le rialachas láidir, maoiniú seasta agus dea-sláinte eagraíochtúil. Le béim ar bheartais, nósanna imeachta agus comhlíonadh láidre, brúimid orainn féin rudaí a dhéanamh go maith. Agus muid ag obair le leanaí, daoine óga agus le daoine fásta leochaileacha, déanfaimid ár ndícheall leibhéal an-ard déine a choinneáil i ndáil le cosaint, slándáil agus leas leanaí.*
*Mar iarracht phobail atá ag brath ar fhoireann, oibrithe deonacha, intéirnigh agus conraitheoirí, táimid socraithe chun a chinntiú go gcuirtear fáilte roimh gach duine, go dtugtar meas dóibh, go dtacaítear leo agus go gcuirtear san áireamh iad. Fostaímid scríbhneoirí agus ealaíontóirí agus táimid tiomanta do phá cothrom a thabhairt do chonraitheoirí.*

4.1 Tá rath ar Fighting Words mar gheall ar an dúthracht, an ionracas agus an tiomáint a thugann ár bhfoireann, ár n-oibrithe deonacha agus ár mbaill bhoird don eagraíocht. Leanfaimid orainn ag infheistiú in earcú, i dtacaíocht agus i gcoinneáil na ndaoine is fearr.

4.2 Oibrímid ar bhealaí a léiríonn ár n-éiteas agus ár dtosaíochtaí. Bainimid úsáid as cur chuige cruthaitheacha ar fud na heagraíochta. Déanaimid teagmháil bhríoch lenár bpáirtithe leasmhara, go háirithe leanaí agus daoine óga. Déanaimid machnamh agus foghlaimímid mar eagraíocht, le cur chuige monatóireachta, meastóireachta agus measúnaithe tionchair i bhfeidhm.

4.3 Braitheann inbhuanaitheacht ár gcuid oibre ar bhonn maoinithe láidir. Leanfaimid orainn ag obair go dlúth le maoinitheoirí sa rialtas, le daonchairdeas, san earnáil phríobháideach agus le daoine aonair chun ár mbonn maoinithe a leathnú agus ár n-ioncam a mhéadú, rud a chuirfidh ar ár gcumas na seirbhísí a chuirimid ar fáil a leathnú.

4.4 Tá cosaint agus sábháilteacht leanaí ríthábhachtach ag Fighting Words. Soláthraímid timpeallacht shábháilte, shlán agus shona do leanaí agus do dhaoine fásta leochaileacha, ag coinneáil caighdeáin agus nósanna imeachta dochta i gcomhréir lenár mbeartais, leis an reachtaíocht reatha agus lenár ráiteas cosanta.

4.5 Tá rialú airgeadais láidir, comhlíonadh agus rialachas bunúsach dár rath. Leanfaidh Fighting Words de bheith ag forbairt, ag nuashonrú agus ag cur i bhfeidhm beartais, nósanna imeachta agus bealaí oibre inmheánacha a léiríonn na caighdeáin is airde i gcuntasacht eagraíochtúil.

4.6 Eagraímid agus seachadann muid ár gcuid oibre le tiomantas láidir inmheánach do ghníomh comhshaoil, cothromas, cuimsiú, ceartas agus dínit.

***Sa Timthriall Straitéiseach 2025-2029, déanfaimid:***

- Leanúint orainn ag éagsúlú ár mbonn maoinithe, ag tabhairt isteach deontóirí nua agus ag coin-

neáil dlúthchaidreamh le comhpháirtithe maoinithe atá ann cheana féin, ag coinneáil le réimse maoinithe scaipithe trasna earnálacha éagsúla agus, go háirithe, ag díriú ar mhaoinithe nua atá neamhshrianta agus maoiniú do chostais chroíláracha.
- Luach a chur ar ár ndaoine agus infheistíocht a dhéanamh iontu – foireann, oibrithe deonacha, intéirnigh, conraitheoirí, agus comhpháirtithe in ár n-ionaid réigiúnacha – ag cinntiú go gcoinnímid agus go dtógfaimid gaoil láidre frithpháirteacha.
- Éagsúlú a dhéanamh ar ár mbonn foirne agus oibrithe deonacha chun na pobail a n-oibrímid leo a léiriú níos fearr i gcomhréir lenár mbeartais chothromas, éagsúlachta agus cuimsithe.
- Ár gcleachtas a neartú trí chórais leanúnacha machnaimh, monatóireachta agus meastóireachta.
- Díriú a choinneáil ar leanaí agus ar dhaoine fásta leochaileacha a chosaint, le beartais, nósanna imeachta, oiliúint agus faireachas, ag cinntiú sábháilteacht gach duine.
- Ár rialachas agus cuntasacht eagraíochtúil a neartú, ag teacht leis na caighdeáin atá i réim agus ag sárú iad, agus ag cinntiú go bhfuil an eagraíocht athléimneach agus réidh le freagairt do rioscaí agus do ghéarchéimeanna seachtracha féideartha.
- Fanacht solúbtha maidir leis na forbairtí i réimse na scríbhneoireachta cruthaithí atá ag athrú i gcónaí agus ag fanacht dílis dár misean lárnach scríbhneoireachta cruthaithí.

***Táscairí Rathúlachta:***
- Tá punann sláintiúil maoinitheoirí ag Fighting Words, le hioncam leordhóthanach chun clár atá ag fás a reáchtáil, agus chun soláthar a dhéanamh do theagmhais agus rioscaí féideartha.
- Leibhéil ísle fágálaithe i measc na baill foirne agus oibrithe deonacha, leibhéil arda sástachta foirne agus oibrithe deonacha, coinneáil agus éagsúlacht mhéadaithe i measc na foirne, na n-oibrithe deonacha agus an bhoird.
- Tá córais agus bealaí oibre láidre iontaobhais agus eagraíochtúla i bhfeidhm, rud a chinntíonn gur eagraíocht iontaofa, measúil agus dea-reáchtáilte í Fighting Words.
- Déantar pleanáil agus athruithe san rialachas agus bainistíocht a chomhordú go héifeachtach, rud a chinntíonn leanúnachas agus neart cheannaireacht na heagraíochta.
- Forbraítear, athbhreithnithear agus cuirtear i bhfeidhm beartais, nósanna imeachta, agus oiliúint chuí chun tacú leis an bhfoireann, oibrithe deonacha, intéirnigh agus conraitheoirí chun ár gcláir a sheachadadh go héifeachtach agus de réir na gcaighdeán is airde.